Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**7747/25**

**SOC 203**
**EMPL 132**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta don Fhionlainn |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta don Fhionlainn**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta[1], agus go háirithe Airteagal 75 de,

1 IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 21 Meán Fómhair 2020[2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta don tréimhse ón 20 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 19 Deireadh Fómhair 2025.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir na n-ionadaithe rialtais tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Susanna GRIMM-VIKMAN a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag Rialtas na Fionlainne don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[2] Cinneadh ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta (IO C 315 I, 23.9.2020, lch. 1).

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Silja DAHLGREN ina comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta in ionad Susanna GRIMM-VIKMAN, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa…, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*